Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**9255/20**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0129(NLE)**

**AELE 6**
**FEROE 1**
**PECHE 168**
**IND 88**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Meitheamh 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 267 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh na leasuithe ar Phrótacal 1 agus ar Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 267 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 267 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2020
COM(2020) 267 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh na leasuithe ar Phrótacal 1 agus ar Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú**

**DRÉACHT**

**CINNEADH Uimh. .../… Ó CHOMHCHOISTE CE/OILEÁIN FHARÓ**

**an ... 2020**

**lena leasaítear Prótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile[1], agus go háirithe Airteagal 34(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Baineann Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile ('an Comhaontú') leis an gcóir taraife agus na socruithe is infheidhme maidir le hiasc agus táirgí iascaigh áirithe a scaoiltear chun saorchúrsaíochta san Aontas Eorpach nó a allmhairítear isteach in Oileáin Fharó. San Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal 1 léirítear na dleachtanna custaim fabhracha agus coinníollacha eile atá le cur i bhfeidhm ar allmhairiú táirgí ar de thionscnamh Oileáin Fharó iad agus a thugtar as Oileáin Fharó isteach san Aontas Eorpach.

(2) Thíolaic Oileáin Fharó iarraidh bunaithe ar Airteagal 36 den Chomhaontú go gcuirfear na cóid AC 0303 53 90 agus 1604 13 90 leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú. Tá an tAontas Eorpach den tuairim, i ndiaidh dó measúnú a dhéanamh ar an margadh ábhartha, go bhféadfaí na táirgí sin a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach saor ó dhleacht agus gan srianta cainníochtúla.

(3) Baineann Prótacal 4 a ghabhann leis na gComhaontú leis na forálacha speisialta is infheidhme maidir le hallmhairiú táirgí talmhaíochta áirithe seachas na cinn a liostaítear i bPrótacal 1.

(4) Faoi Airteagal 1 de Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú, tá lamháltais taraife deonaithe ag an Aontas Eorpach ar dtús le haghaidh beatha éisc de chuid Oileáin Fharó, i leith taraif-chuóta bliantúil saor ó dhleacht 5 000 tona. Rinneadh leasú ar an taraif-chuóta saor ó dhleacht sin le Cinneadh Uimh. 2/98 ó Chomhchoiste CE/an Danmhairg-Oileáin Fharó[2], leasú lenar méadaíodh é go dtí 10 000 tona amhail ón 1 Eanáir 2000, agus le Cinneadh Uimh. 1/2007 ó Chomhchoiste CE/an Danmhairg-Oileáin Fharó[3], leasú lenar méadaíodh é go dtí 20 000 tona ar an gcoinníoll nach féidir aon ghlútan breise a chur sa bheatha éisc a bhainfidh tairbhe as an gcóras allmhairithe fabhrach.

(5) D'iarr Oileáin Fharó go ndéanfaí Prótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú a leasú trí dheireadh a chur leis na srianta maidir le glútan breise i mbeatha éisc a bhaineann

[1] IO L 53, 22.2.1997, lch. 2.
[2] IO L 263, 26.9.1998, lch. 37.
[3] IO L 275, 19.10.2007, lch. 32.

tairbhe as an gcóir fhabhrach, toisc go bhfuil athrú tagtha a fhágann go bhfuil glútan ina amhábhar riachtanach anois i gcomhdhéanamh na beatha éisc.

(6) In Airteagal 2 de Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú liostaítear na táirgí sin de thionscnamh an Aontais Eorpaigh, a thagann faoi chaibidlí 1 go 24 den Chóras Comhchuibhithe, ar táirgí iad nach ndeonaíonn Oileáin Fharó saoirse ó tharaifí ná ó dhleachtanna dóibh nuair a allmhairítear isteach in Oileáin Fharó iad.

(7) D'iarr an tAontas Eorpach go n-osclófaí taraif-chuóta saor ó dhleacht le haghaidh cóid AC 0204, 0206 80 99, 0206 90 99, 0210 90 11, 0210 90 60, ex 0210 90 90, a liostaítear in Airteagal 2 de Phrótacal 4. Tá Oileáin Fharó den tuairim go bhféadfadh taraif-chuóta saor ó dhleacht 80 tona de na táirgí sin arna n-onnmhairiú ón Aontas a dheonú, faoi réir idirthréimhse trí bliana ina mbeadh taraif-chuóta saor ó dhleacht 40 tona.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacail 1 agus 4 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Tábla I den Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú mar a leanas:

(1) Cuirtear an líne seo a leanas isteach idir cód AC 0303 50 98 agus cód AC 0303 60 11:

| | | | |
|---|---|---|---|
| '0303 53 90 | – – – Saláin (Sprattus sprattus) | 0' | |

(2) Cuirtear na línte seo a leanas isteach idir cód AC 1604 12 99 agus cód AC 1604 19:

| | | | |
|---|---|---|---|
| '1604 13 | – – Sairdíní, mionsairdíní agus saláin | | |
| | – – – Sairdíní: | | |
| 1604 13 90 | – – – Eile | 0' | |

*Airteagal 2*

Leasaítear Prótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

Deonóidh an tAontas Eorpach na taraif-chuótaí a leanas maidir le táirgí ar de thionscnamh Oileáin Fharó iad agus a thugtar as Oileáin Fharó:

| Cód AC | Tuairisc | Ráta dleachta | Taraif-chuóta (TC) i dtonaí |
|---|---|---|---|
| 0204<br>0206 80 99 | Feoil ó chaoirigh nó ó ghabhair, í úr, fuaraithe nó reoite | 0 | |
| 0206 90 99 | Scairteach inite ó chaoirigh agus ó ghabhair, í úr | 0 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 0210 90 11 | nó fuaraithe | 0 | |
| 0210 90 19 | Scairteach inite ó chaoirigh agus ó ghabhair, í reoite | 0 | |
| 0210 90 60 | Feoil ó chaoirigh nó o ghabhair, í saillte, i sáile, triomaithe nó deataithe, ar an gcnámh | 0 | |
| ex 1601 | Feoil ó chaoirigh nó ó ghabhair, í saillte, i sáile, triomaithe nó deataithe, gan chnámh | 0 | 20 |
| | Scairteach inite ó chaoirigh nó ó ghabhair, í saillte, i sáile, triomaithe nó deataithe | | |
| ex 1602 | Ispíní agus táirgí comhchosúla, ó fheoil, ó scairteach feola nó ó fhuil; ullmhóidí bia bunaithe ar na táirgí sin:<br>— Ó chaoirigh agus ó ghabhair | 0 | |
| | Feoil, scairteach feola nó fuil eile, iad ullmhaithe nó leasaithe:<br>— Ó chaoirigh agus ó ghabhair | | |
| ex 2309 90 10<br>ex 2309 90 31<br>ex 2309 90 41 | Beatha éisc | 0 | 20 000 |

’

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 3 seo a leanas:

‘Airteagal 3

Osclóidh Oileáin Fharó na taraif-chuótaí a leanas le haghaidh táirgí ar de thionscnamh an Aontais Eorpaigh iad agus a thugtar as an Aontas Eorpach:

| Cód CN | Tuairisc | Ráta dleachta | Taraif-chuóta (TC) i dtonaí |
|---|---|---|---|
| 0204 | Feoil ó chaoirigh nó ó ghabhair, í úr, fuaraithe nó reoite | 0 | 40 in 2020, 2021 agus 2022;<br>80 amhail ón mbliain 2023 |
| 0206 80 99 | | 0 | |
| 0206 90 99 | Scairteach inite ó chaoirigh agus ó ghabhair, í úr nó fuaraithe | 0 | |
| 0210 90 11 | Scairteach inite ó chaoirigh agus ó ghabhair, í reoite | 0 | |
| 0210 90 60 | Feoil ó chaoirigh nó ó ghabhair, í saillte, i sáile, triomaithe nó deataithe, ar an gcnámh | 0 | |
| ex 0210 90 90 | Scairteach inite ó chaoirigh agus ó ghabhair, í | 0 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | saillte, i sáile, triomaithe nó deataithe<br><br>Plúr agus min inite ó fheoil agus ó scairteach feola, ó chaoirigh agus ó ghabhair | | |

’

(3) Scriostar Iarscríbhinn I.

*Airteagal* 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh [i]/[in]/[sa] …, ….

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*An Cathaoirleach*